Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland



# Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta

## 2023–2027





## Dún Laoghaire-Ráth an Dúin

Pictiúir Clúdaigh: Peter Cavanagh

## Na Caibidlí


| | | |
|---|---|---|
| | Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach | 02 |
| 01 | Éire Ildánach 2023–2027 | 04 |
| 02 | Cultúr agus Cruthaitheacht i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin | 06 |
| 03 | Fís Éire Ildánach do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 12 |
| 04 | Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach<br>Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha | 13 |
| 05 | Tosaíochtaí Straitéiseacha do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 14 |
| 06 | Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 18 |
| | Léarscáil de Cheantair Bhardasacha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 19 |


dlr
Comhairle Contae County Council

# Réamhrá



The Oratory, Dún Laoghaire. Launch of *Divine Illumination* book and exhibition.
**Photograph:** Peter Cavanagh

Tá an-áthas orainn an deis a bheith againn cúig bliana eile d'obair chruthaitheach a bhfuil tacaíocht aici, a phleanáil i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin trí Chlár Éire Ildánach. Is í an fhís a bhí againn sa chéad Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta (2018-2022) ná deis a thabhairt don chruthaitheacht, i ngach riocht agus i ngach foirm, bláthú agus fás mar chuid bunúsach de shaol na ndaoine agus de shaol na háite. Cuireann an Straitéis nua Cultúir agus Cruthaitheachta seo 2023–2027 leis an obair atá déanta cheana féin.

Is ceantar uathúil atá bríomhar ó thaobh an chultúir de é Dún Laoghaire-Ráth an Dúin áit a bhfuil meas ar an gcruthaitheacht mar shócmhainn ar leith. Tá pobal cruthaitheach ag maireachtáil anseo, lena n-áirítear go leor scríbhneoirí, ealaíontóirí, taibheoirí agus daoine atá gníomhach sna healaíona agus sa chultúr ina bpobail féin. Tá fáil freisin ar réimse leathan de ghníomhaíochta cultúrtha pobalbhunaithe a bhfuil an-mheas orthu -grúpaí óige áitiúla, cumainn drámaíochta agus grúpaí ceoil amaitéaracha, cóir, grúpaí gníomhaíochta do Lucht Scoir agus eagraíochtaí eile ar fud an chontae.

Tá forbairt mhaith déanta ar an soláthar cultúrtha i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Agus muid ag teacht ar bhealaí nua le go bhféadfaidh an pobal a bheith bainteach leis na himeachtaí cultúrtha atá á soláthar agus leis an gcruthaitheacht agus iniúchadh á dhéanamh acu ar an bhfoghlaim eiseach, cuidíonn sé seo leis an bhfhís atá againn de chontae bríomhar cliste atá tarraingteach, cuimsitheach, agus inrochtana, agus Comhairle a chuireann todhchaí níos fearr ar fáil don chontae agus don phobal go léir.

Táimid ag gealltúint go dtacóidh muid leis an saibhreas tallainne atá lonnaithe sa cheantar cheana féin agus go mbeimid ag aimsiú agus ag spreagadh na gcruthaitheoirí sin a bheidh againn amach anseo. Nuair a bhíonn ár saoránaigh páirteach i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha de gach cineál cuidíonn sé lena sláinte agus lena bhfolláine. Tá infreastruchtúr saibhir cultúrtha sa chontae le bheith ag obair leis, lena n-áirítear LexIcon Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, amharclanna an Pavilion agus an Mill, Músaem James Joyce, an Músaem Náisiúnta Muirí, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Caisleán agus Ionad Oidhreachta Dheilignis, IADT agus COBÁC agus folcadáin nua Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Mar chuid d'obair ár bhFoirne Cultúir agus Cruthaitheachta, táimid ag iarraidh a chinntiú go mbeidh gach saoránach ar an eolas faoi na hacmhainní seo agus go mbeidh siad páirteach in imeachtaí cruthaitheacha agus ag fáil amach faoin luach agus an tábhacht a bhaineann leis an gcruthaitheacht ina saol.

Cuimsíonn Plean Corparáideach Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2020-2024 spriocanna a bhaineann le deiseanna pobail, áineasa, spóirt, agus cultúrtha ar ardchaighdeán a chur ar fáil do gach duine atá ag maireachtáil sa chontae, ag obair ann, agus ag tabhairt cuairte air. Áirítear le seachadadh na sprice seo cabhrú chun  pobal inbhuanaithe, cuimsitheacha, agus cumhachtaithe a fhorbairt, rud a chuideoidh le folláine ár saoránach ón taobh sóisialta, cultúrtha, agus eacnamaíoch de. Nuair a bhíonn daoine fásta, daoine óga, agus páistí á nascadh agus á gcumhachtú trí sheirbhísí leabharlainne, seirbhísí do na healaíona agus seirbhísí don chultúr a fhorbairt go leanúnach, spreagann sé smaointe agus cuidíonn sé le hacmhainneacht an phobail.

Bhí an cur chuige gníomhach a bhí againn maidir leis an gcomhoibriú, an chumarsáid, rannpháirtíocht an phobail, an ionchuimsitheacht agus an chumhachtaithe tráthúil, agus bhí ról lárnach aige ó thaobh an chaoi ar fhreagair muid, mar phobal, do phaindéim COVID-19. Bhí an bealach a ndeachaigh muid in oiriúint agus ár ngastacht araon ríthábhachtach d'obair thras-rannach na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta. Fuarthas tuiscint nua ar an tábhacht a bhaineann leis an gcruthaitheacht ó thaobh cabhrú le hacmhainneacht an phobail, thosaigh daoine nua ag baint úsáid as na seoda áitiúla atá againn inár bpáirceanna, sráidbhailte agus réimsí poiblí. Cinntíonn na spásanna spéisiúla agus na himeachtaí spéisiúla go mbeidh an áit tarraingteach do dhaoine le bheith ag cur fúthu ann agus meallann sé cuairteoirí chuig an gcontae.

Aithníonn Comhairle Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an luach a bhaineann leis an gcruthaitheacht mar chuid de na seirbhísí cultúrtha a bhíonn á soláthar againn. Trí Éire Ildánach agus trí chláir eile, tá sé mar aidhm againn comhpháirtíochtaí a bhunú agus oibriú ar bhealaí nuálacha. Braitheann rath ár gcuid oibre i dtaca leis na seirbhísí cultúrtha ar a bheith ag obair i gcomhpháirt leis na pobail, na healaíontóirí, na daoine cruthaitheacha agus na gníomhaireachtaí áitiúla agus náisiúnta seo agus leis na páirtithe leasmhara. Chuidigh an obair a rinneamar go dtí seo i bpáirt le hÉire Ildánach leis an gcur chuige seo agus is bunchloch í agus muid ag gluaiseacht chun cinn.

Fáiltímid roimh an deis a chuireann Clár Éire Ildánach ar fáil agus tá rún againn a bhfuil bainte amach go straitéiseach cheana féin a shaibhriú tríd an obair idir-rannach. Tá sé i gceist againn tógáil ar phleananna aonair amhail iad siúd do na healaíona, don aeráid, don fhorbairt gheilleagrach, do na leabharlanna, don oidhreacht, agus do na páirceanna agus muid ag obair as láimh a chéile le feabhas a chur ar an rannpháirtíocht, ar fhorbairt na cruthaitheachta, ar an bhfiontar cruthaitheach agus ar acmhainneacht an phobail. Beimid ag díriú freisin ar imeachtaí trí mheán na Gaeilge ionas go mbeidh sí le cloisteáil ar fud an chontae.

Tríd an Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta seo, tá sé mar aidhm againn saol mhuintir Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a shaibhriú agus saol maith a chruthú don chruthaitheacht agus muid ag coinneáil orainn ag forbairt contae bríomhar a bheidh tarraingteach, cuimsitheach, agus inrochtana.

**Frank Curran**
Príomhfheidhmeannach

**An Comhairleoir Mary Hanafin**
An Cathaoirleach

# 1 Éire Ildánach
## 2023–2027

Is tionscnamh uile-rialtais é Clár Éire Ildánach atá tiomanta do rochtain a fheabhsú i dtaobh chultúr agus chruthaitheacht na hÉireann, rannpháirtíocht iontu a fheabhsú agus an sásamh a bhaintear astu a fheabhsú. Laistigh den réimse leathan de shainmhínithe atá ar fáil, meastar an chruthaitheacht a bheith ina shraith de chumais nádúrtha agus scileanna foghlama; ábaltacht daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus gnásanna a nglactar leo a shárú agus trí úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht chun smaointe nua a chruthú a thugann fiúntas breise do ghníomhaíocht an duine.

Is é fís Chlár Éire Ildánach 2023–2027 an chruthaitheacht a bheith ina gnáthchuid de shaol an náisiúin chun go mbeimid ábalta an cumas iomlán cruthaitheachta atá ionainn, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, asainn féin agus i ngrúpaí, a thabhairt chun fíre agus folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn.

Déanfaidh Clár Éire Ildánach maith air sin trí oibriú i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht ag cur tuiscint agus meas ar luach na cruthaitheachta i ngach aon fhoirm chun cinn-cé acu ar trí na healaíona, cultúr, oidhreacht nó teicneolaíocht é.

**Déanfaidh Clár Éire Ildánach tús áite a thabhairt dá chuid oibre bunaithe ar chúig ghné don tréimhse 2023–2027:**

1. Óige Ildánach
2. *Pobail Ildánacha*
3. Tionscail Ildánacha
4. Sláinte agus Folláine Ildánach
5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht Ildánach

Faoi Chlár Éire Ildánach, tacaíonn *Pobail Ildánacha* leis an gcomhpháirtíocht idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus údaráis áitiúla na hÉireann. Cuireann an chomhpháirtíocht seo ar chumas saoránach agus pobal a gcultúr agus a gcruthaitheacht a fhiosrú ag an leibhéal áitiúil agus, nuair is cuí, leas a bhaint as an gcruthaitheacht sin chun an fholláine a neartú, aontacht shóisialta a bhrú chun cinn agus tacú le forbairt eacnamaíoch.

Tá *Pobail Ildánacha* nuálach chomh maith i dtaobh an chruthaitheacht a spreagadh chun lánpháirtiú níos mó a bhaint amach ar fud tosaíochtaí beartais spriocdhírithe. Mar thoradh air sin tá tionscnaimh rannpháirtíochta cruthaitheachta nua bainte amach maidir le leanaí agus daoine óga, daoine níos sine, gníomhú ar son na haeráide agus geilleagair áitiúla, mar shampla. Tá dearcadh daoine aonair agus pobail maidir leis an ról agus luach atá ag an gcultúr agus ag an gcruthaitheacht lárnach inár bhfolláine sa chiall is leithne ag feabhsú.

Is chun tacú le rannpháirtíocht, uilechuimsiú daoine agus iad a bheith ábalta iad féin a chur in iúl laistigh de phobail atá i gceist leis an deis a glacadh go fonnmhar i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027 Lú agus geilleagair áitiúla cruthaitheachta a neartú tuilleadh.



Ronnie Drew mural by Shane Sutton. Part of *Dún Laoghaire Anseo* 2022. **Photograph:** Daniel Geeson



Projection onto dlr LexIcon, part of *Light Up Dún Laoghaire*, October 2019. **Photograph:** Peter Cavanagh

# 2 Cultúr agus Cruthaitheacht i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin

Tá Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin suite idir bruachbhailte seachtracha Chathair Bhaile Átha Cliath agus sléibhte Bhaile Átha Cliath; agus 17km de chósta, cuan, bailte agus sráidbhailte tarraingteacha ann, in éineacht le pobail ina bhfuil na cónaitheoirí agus na cuairteoirí in ann taitneamh a bhaint as cuid de na háiseanna nádúrtha is fearr in Éirinn. Is féidir leo tairbhe a bhaint as rochtain ar iompar poiblí, as deiseanna fostaíochta, áiseanna fóillíochta, oideachas, agus réimse tarraingteach poiblí. Is contae stuama, bríomhar é, atá tarraingteach, cuimsitheach, agus inrochtana. Tá pobal bríomhar an chontae lonnaithe ar mhuince de shráidbhailte, gach ceann acu lena fhéiniúlacht láidir féin, ar nós Deilginis, Carraig an tSionnaigh, Baile na Manach, Rath Fearnáin, Seanchill, Áth an Ghainimh agus an Chéim.

Mar gheall ar go bhfuil lucht oibre againn ag a bhfuil ardchaighdeán oideachais agus scileanna tá borradh faoi gheilleagar an chontae agus tá sé ag fás. I measc na mórfhostóirí tá cuideachtaí idirnáisiúnta TF agus cógaisíochta, chomh maith le tionscail airgeadais agus seirbhíse. Tá rochtain den scoth ar áiseanna oideachais i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus is ann atá COBÁC, Belfield, an ollscoil is mó in Éirinn. Cuireann COBÁC oideachas tríú leibhéal ar fáil, in éineacht le IADT i nDún Laoghaire, do thart ar 32,000 mac léinn in aghaidh na bliana.

In éineacht leis na buntáistí oideachais agus eacnamaíochta ar fad, is cuid den tír é Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, atá uathúil agus saibhir ó thaobh an chultúir de, agus áit ina bhfuil pobal cruthaitheach bríomhar. Tá cuntas teiste láidir ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin maidir le hinfheistíocht straitéiseach a dhéanamh i bpríomhchathair chultúrtha an cheantair. Leis na blianta rinne an Chomhairle réimse d'fhéilte, taispeántais, cónaitheachtaí, tionscadail scoile agus cláir ealaíne poiblí a choimisiúnú agus a sholáthar, rud a d'fhorbair agus a chothaigh na healaíona áitiúla agus an fhorbairt ar an gcultúr, tríd an Roinn Ealaíon, líonra na Leabharlanna, agus an coiste imeachtaí.

Tá Clár Éire Ildánach anois ina ghné thábhachtach den soláthar seo agus é mar bhonn agus mar thaca ag an soláthar. Go dtí seo tá Éire Ildánach, atá maoinithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, tar éis infheistíocht a dhéanamh i gcomhpháirt linn ionas go mbeifear in ann an Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta a chur i bhfeidhm. Fuarthas maoiniú os cionn €1.2 milliún i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin chun an Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2018-2022 a chur i bhfeidhm. Bua ar leith a bhain leis an gclár is ea an chaoi gur féidir freagairt do chúinsí ar bhealach saincheaptha. Tugadh tuilleadh fianaise maidir leis ar an luach a bhaineann leis an gcomhpháirtíocht náisiúnta sofhreagrúil seo le linn na freagartha do COVID-19, nuair a d'eagraigh *Pobail Ildánacha* tionscnaimh chruthaitheacha ionas go raibh siad ina gcuid thábhachtacha de fhreagairt na nÚdarás Áitiúil agus de fhreagairt an phobail náisiúnta.

Cuireadh infheistíocht bhreise ar fáil chun tacú le sláinte agus folláine an phobail trí rannpháirtíocht an phobail i ngníomhaíochtaí ealaíne, cultúrtha, agus cruthaitheacha. Chuir an fhreagairt seo ar ár gcumas tionscadail a mhaoiniú a bhí dírithe ar ghrúpaí nó ar dhéimeagrafaic ar leith, amhail deiseanna oibre a chur ar fáil d'éascaitheoirí cruthaitheacha, tacú le léirithe ceoil i suíomhanna cúraim, agus réimse de chláir ar líne do pháistí agus do dhaoine óga.

Ceann d'uaillmhianta na straitéise a bhí ann cheana féin ab ea na tionscnaimh chruthaitheacha agus chultúrtha faoi stiúir an phobail a neartú agus a fhorbairt le go mbraithfeadh daoine gur leo iad agus go mbeadh rochtain níos fearr acu orthu. Tá na heagraíochtaí pobail ina gcomhpháirtithe láidre ag Dún Laoghaire-Ráth an Dúin agus thug an t-aiseolas léargas ar an tionchar a d'imir infheistíocht ó Éire Ildánach ar a ngrúpa, ar a bpobal nó ar a gceantar féin. Chuir na heagraíochtaí deonacha agus pobail a raibh tacaíocht acu roghanna éagsúla ar fáil le go bhféadfadh na saoránaigh a bheith ag plé ina bpobail áitiúla le fadhbanna a bhí ina n-ábhar imní. Rud atá ábhartha le déanaí, tá an gníomhú ar son na haeráide fós ard ar an gclár oibre, agus spriocanna uaillmhianacha ann leanúint ar aghaidh ag tabhairt aghaidh ar an athrú aeráide, ag dul in oiriúint dá thionchair, agus ag cosaint na timpeallachta don todhchaí.

Go dtí seo tá réimse leathan clár d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí a dhéanann cúiteamh ar uaillmhianta an Údaráis Áitiúil, a comhlíonann riachtanais agus a imríonn tionchar curtha ar fáil Clár Éire Ildánach Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. As seo go ceann cúig bliana leanfaidh Clár Éire Ildánach Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin de bheith ag teacht leis na riachtanais straitéiseacha agus na spriocanna atá ag an údarás áitiúil. Gné thábhachtach laistigh de sin is ea uaillmhianta Dhún Laoghaire 2040 (Staidéar Spásúil agus Eacnamaíoch do Bhaile Dhún Laoghaire), An Plean Forbartha Contae 2022–2028, Plean Corparáideach 2020–2024 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, An Plean Forbartha Ealaíon 2016–2022, Straitéis Aoisbhách 2022–2026 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Plean na Leanaí agus na nDaoine Óga 2020–2023 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Plean Forbartha Leabharlainne 2021–2025 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Scéim na Gaeilge 2022–2026, Plean Oidhreachta Contae 2021–2025 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, An Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil 2023-2028, a fhoilseofar go gairid, agus cuid eile nach iad.

Nuair a chuidítear le forbairt a dhéanamh ar phobail atá inbhuanaithe, cuimsitheach, agus cumhachtaithe, is é an toradh a bhíonn air go dtacaítear le folláine shóisialta, chultúrtha, agus eacnamaíoch ár saoránach. Nuair a chothaítear muintearas idir daoine fásta, daoine óga agus leanaí agus nuair a thugtar cumhacht dóibh spreagann sé smaointe agus tacaíonn sé le cumas an phobail, in éineacht le spásanna oscailte agus saoráidí áineasa ar ardchaighdeán atá glan, sábháilte, inrochtana agus cuimsitheach go sóisialta a sholáthar do gach duine ar spéis leo iad. Déanaimid ár ndícheall freisin contae sláintiúil a chur chun cinn trí dheis a thabhairt do na saoránaigh agus do na pobail a bheith folláin agus sláintiúil go fisiciúil agus ó thaobh na meabhrach de, trí rochtain a thabhairt dóibh ar áiseanna fóillíochta agus áineasa, agus tránna glana atá ar ardchaighdeán.

Ní hamháin go ndéanann na huaillmhianta seo pobail chumhachtaithe a fhorbairt — ach chomh maith leis sin cuireann siad an Ghaeilge chun cinn, spreagann siad ilchultúrachas, agus tá siad ioncuimsitheach go sóisialta. Cuidíonn siad freisin leis an turasóireacht sa chontae trí thacaíocht a thabhairt d'imeachtaí a chuireann leis an gcaighdeán saoil sa chontae agus cinntíonn siad go mbíonn ár ngníomhaíochtaí agus ár dtionscnaimh ag cosaint ár n-oidhreacht thógtha agus ár n-oidhreacht nádúrtha agus á gcaomhnú. Tugann siad cosaint do shainiúlacht láidir an chontae agus cuireann siad leis — 'Ó na Sléibhte go dtí an Fharraige'.

De réir an daonáirimh is déanaí tháinig méadú suntasach ar dhaonra na chontae. Mhéadaigh an daonra sna ceantair seanbhunaithe ag fás 8.7% agus i nGleann Cuilinn /Áth an Ghainimh tháinig ardú 49% ar an daonra. Tá sé le tabhairt faoi deara go bhfuil fás leanúnach ag teacht ar líon na ndaoine atá scothaosta, mar sin leanfaidh Dún Laoghaire-Ráth an Dúin ag forbairt mar chontae atá báúil le haois agus é ina áit a dtabhafar tacaíocht do na daoine scothaosta trí chláir inrochtana agus trí dhearadh agus pleanáil atá tuisceanach agus ábhartha. Trína chinntiú go bhfuil cuimsiú sóisialta, comhionannas agus inrochtaineacht i gcroílár ár seirbhísí, ár ngníomhaíochtaí agus ár n-imeachtaí, leanfaimid orainn ag tacú lenár ngeilleagar bríomhar agus lenár bpobal láidir, ar mhaithe le daoine de gach aois.

Tá torthaí dearfacha na hoibre seo le feiceáil cheana féin. Fuarthas amach i dtuarascáil TILDA ó Choláiste na Tríonóide i mí na Samhna 2021 gurb iad na daoine fásta scothaosta is mó a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha, gur acu atá an caighdeán saoil is airde, agus gurb iad a fuair an scór is ísle maidir le huaigneas, dúlagar, imní agus sa tomhais ar struis. Táimid aireach go bhfuair na taighdeoirí amach freisin go raibh leibhéil níos ísle rannpháirtíochta le tabhairt faoi deara i measc na ndaoine aosta i ngrúpaí a raibh caighdeán oideachais agus ioncaim níos ísle acu, chomh maith leo siúd a raibh fadhbanna sláinte acu. Chuige sin, is é ár dtiomantas i Straitéis Aoisbhá 2022-2026 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ná *'oibriú le chéile chun a chinntiú, agus muid dul in aois, go bhféadfadh daoine a bheith ag meascadh, ag plé agus ag glacadh páirte i saol eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha a bpobail i dtimpeallacht atá báúil le haois, atá fáilteach, cuimsitheach agus inrochtana'.*

Dírítear isteach i bPlean na Leanaí & na nDaoine Óga 2020–2023 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar na buntáistí ó thaobh an ionchuimsithe shóisialta de a eascraíonn as daoine óga a bheith rannpháirteach, lena n-áirítear na haidhmeanna *"foghlaim for-rochtana, gníomhaíochtaí cultúrtha agus gníomhaíochtaí cruthaitheacha a fhorbairt chun daoine óga a mhealladh i réimsí a aithnítear a bheith riachtanach".* In ainneoin gur lean an phaindéim ar aghaidh, rinneadh Cruinniú na nÓg, an ceiliúradh náisiúnta ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha saor in aisce



*Naturama Scéal Trail* Cabinteely Park.
**Photograph:** Peter Cavanagh

do leanaí agus do dhaoine óga, a cheiliúradh gach bliain. Bhí an ócáid ar siúl i suíomhanna éagsúla lena n-áirítear i gCnoc na Raithní, ar líne agus go hibrideach, agus i mbliana sa LexIcon agus in Ionad Samuel Beckett i mBaile Uí Ógáin.

Tugadh faoi deara sa staidéar is déanaí de chuid ESRI 'Growing Up in Ireland' le Emer Smyth i mí na Samhna 2020 gur thug na beartais breis aitheantais do rannpháirtíocht na leanaí agus na ndaoine óga sna healaíona mar thoradh ar thionscnaimh dála an Chairt Ealaíon san Oideachas agus Clár Éire Ildánach. Ní mór dúinn a chinntiú go bhfaigheann gach leanbh agus duine óg, beag beann ar inscne ná ar chúlra sóisialta, rochtain ar ghníomhaíochtaí ealaíon agus cultúrtha. Tá sé seo tábhachtach le go mbeidh eispéiris éagsúla forbartha agus foghlama á gcur ar fáil do gach leanbh agus do gach duine óg.

Mar chontae, tá Dún Laoghaire-Ráth an Dúin tiomanta do thús áite a thabhairt don aeráid sa chinnteoireacht. Tá sé ar cheann de phríomhspriocanna na straitéise seo pobail agus áiteanna a bhfuil teacht aniar iontu, agus atá cliste agus inbhuanaithe a chruthú. Áirítear leis seo teacht aniar ó thaobh na haeráide de. Ó foilsíodh an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide in 2019, tá an Chomhairle ó shin ag díriú a cuid iarrachtaí ar an bPlean a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air, ar mhaithe le feabhas a chur ar an obair ar fad sna réimsí a bhaineann leis an maolú aeráide, an t-oiriúnú, an bhithéagsúlacht agus an geilleagar ciorclach.

Tá Dún Laoghaire-Ráth an Dúin fós ag príomhshruthú a chuid iarrachtaí agus ag comhoibriú leis na ranna ar fad, leis na baill foirne agus leis na comhaltaí tofa, chun éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú ar astaíochtaí a bhaint amach ina chuid foirgnimh, áiseanna, taistil, feidhmeanna agus seirbhísí féin ar fad, agus tionchar a imirt ar an ngníomhú ar son na haeráide sa phobal i gcoitinne. Tugann cur i bhfeidhm Phlean Corparáideach na Comhairle agus an monatóireacht leanúnach air, mar aon le pleananna na n-údarás áitiúil eile i mBaile Átha Cliath, i gcomhpháirtíocht le Codema — Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath agus Oifig Réigiúnach Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath (CARO), treochlár soiléir agus cur chuige comhordaithe chun aghaidh a thabhairt ar an gcuspóir náisiúnta aeráide mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus san Acht um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasaithe), 2021, uaillmhianta an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021, agus na spriocanna comhroinnte fuinnimh agus aeráide go dtí 2030 agus 2050. In 2023, ullmhóidh an Chomhairle Plean nua Gníomhaithe ar son na hAeráide, de réir fhorálacha an Achta Aeráide 2021 agus treoirlínte ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA).

Chinn an t-athbhreithniú eatramhach ar Chlár Éire Ildánach gur chuir *Pobail Ildánacha* go mór le cumhacht na nÚdarás Áitiúil, chun cur lena dtionchar agus le go mbeadh siad níos feiceálaí agus cruthaíodh na mílte deiseanna do phobail nach mbeadh tacaíocht acu ó shruthanna maoinithe eile. D'aithin an t-athbhreithniú freisin an gá atá le tuiscint níos fearr a bheith ar na torthaí dearfacha a eascraíonn as rannpháirtíocht chruthaitheach mar a bhaineann leis an bhforbairt áitiúil, agus a bheith ag plé ar bhealach nuálach leis na príomhbheartais go léir, amhail gníomhú ar son na haeráide, an oidhreacht, an óige, an fhorbairt uirbeach, tuaithe agus pobail, an fhorbairt eacnamaíoch, agus sláinte agus folláine an phobail. Táimid ag tabhairt an ghné a bhaineann leis an ardú feasachta ar aghaidh go dtí an straitéis seo, mar, cé go raibh obair mhaith déanta, tá an deis ann i gcónaí a bheith níos réamhghníomhaí ó thaobh na cumarsáide de laistigh agus lasmuigh den Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Táimid ag cur go leanúnach le baill na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta, bunaithe ar an sainchúram atá luaite i bhfís Éire Ildánach agus táthar á leabú fud fad an údaráis áitiúil. Léiríonn foireann Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin na réimsí spéise agus na freagrachta tras-rannacha is leithne, agus thugamar freagra ar ár bpobail spéise atá ag athrú trí chlár leathan gníomhaíochtaí a fhorbairt, a sheachadadh agus a chur chun cinn.

Sa chéad chúig bliana, bhaineamar úsáid as maoiniú Éire Ildánach chun plean gníomhaíochta bliantúil, a d'fhreagair do riachtanais an phobail áitiúil, a chur i gcrích. Toisc go raibh an maoiniú dírithe ar an gceantar áitiúil thug sé deis dúinn tacú le tionscnaimh agus deiseanna oibre a chur ar fáil do dhaoine cruthaitheacha, ionas go bhféadfaí tionscadail a thriail agus ansin iad a leabú, agus obair ionadaíochta a spreagadh. Bhí cuid de na tionscadail níos mó ná a chéile ó thaobh scála agus buiséid de, bhí roinnt acu práinneach, agus bhain gné oidhreachta le cuid eile fós. Le linn shaolré na straitéise roimhe seo, ar chuid de na tionscadail shuntasacha bhí;

— 'Framing the Senses' - clár idirghníomhaireachta néaltraithe-chuimsitheach de ghníomhaíochtaí ealaíon agus cruthaitheacha a bhí anseo, a mhair ar feadh bliana agus a bunaíodh i gcomhairle le daoine a raibh néaltrú orthu agus le cúramóirí teaghlaigh. Fuair sé tacaíocht ó sheirbhísí tacaíochta áitiúla agus ó ghrúpaí abhcóideachta náisiúnta don néaltrú. Chuir an maoiniú ón gclár *An Chruthaitheacht agus Daoine Scothaosta* ar ár gcumas níos mó ama a chaitheamh i mbun comhairleoireachta agus triail a bhaint as cur chuige agus as modhanna éagsúla chun plé le daoine a raibh néaltrú orthu, ag baint úsáid as cuir chuige ilcheadfach.
— 'Cuairt agus Cultúr' — is clár cultúrtha é seo a eagraítear i suíomhanna cúraim cónaithe do dhaoine scothaosta i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Bhog an clár seo ar líne in 2020 agus bhí 42 ceardlann agus imeacht ar líne san iomlán ar siúl, idir damhsa, scéalaíocht, amhránaíocht, agus ceardlanna ealaíne. Amach anseo, meascán de chláracha ar líne agus de chláracha 'beo' a bheidh ann agus leathnaíodh amach é freisin ionas go bhfuil fáil air anois i ngach suíomh cúraim sa chontae.
— Chuidigh an cosán siúil i gCoill Fitzsimon, Áth an Ghainimh le cónaitheoirí áitiúla agus le cuairteoirí níos mó a fhoghlaim faoina dtimpeallacht áitiúil, agus mheall sé iad le foghlaim faoin dúlra agus taithí a fháil ar an dúlra ar bhealaí spreagúla. Thug sé an deis agus an t-eolas a theastaigh leis an áis áitiúil seo a fhiosrú, chomh maith le níos mó meas a mhúscailt maidir leis an sampla neamhghnách seo d'fhoraois nádúrtha atá suite i mbruachbhaile agus an fiadhúlra a dtacaíonn an choillearnach seo leo.
— D'oibrigh *Architectural Farm,* gnólacht ailtireachta atá dírithe ar an dearadh agus atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath le daoine óga a bhí ag freastal ar sheirbhísí óige Sheomraí Pobail Bhaile Uí Lachnáin chun spás cruinnithe lasmuigh a dhearadh ionas go bhféadfaidh gach duine a thagann chuig an Ionad úsáid a bhaint as. Eispéireas tábhachtach foghlama agus sóisialta a bhí ann dóibh siúd a bhí páirteach chomh maith le go raibh spás dóibh féin á chomhchruthú acu.
— *'Dún Laoghaire-Rathdown Scéal Trail'* — thacaigh sé seo le húdair agus le maisitheoirí agus freagairt a bhí ann ar dhúnadh na leabharlainne le linn na dianghlasála. Is siúlóid scéil lasmuigh é The Scéal Trail a bhféadfaidh gach duine taitneamh a bhaint as! Tá leagan níos déanaí de Scéal Trails le feiceáil i bpáirceanna Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, i ngairdíní leabharlainne, agus i suíomhanna cúraim leanaí. Spreag an Scéal Trail daoine le bheith ag léamh i suíomhanna lasmuigh, chomh maith le rannpháirtíocht idirghlúine a spreagadh agus

tuismitheoirí, páistí, cairde agus siblíní gafa le leabhar in éineacht le chéile agus iad amuigh ag siúl.

- Thacaigh tionscadail eile le daoine cruthaitheacha a bheith ag obair sa phobal agus mheall siad cuairteoirí chuig an gcontae, ar nós Dún Laoghaire Anseo 2022, a chuir leis an mbailiúchán de phíosaí ealaíne sráide atá cheana féin i nDún Laoghaire, agus an gailearaí faoin aer ar an mbaile á leathnú amach. Agus é ar cheann de na bealaí is inrochtana chun ealaín a thabhairt chuig an bpobal, chuir an tionscadal seo, a chruthaigh meascán d'ealaíontóirí áitiúla seanbhunaithe agus ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn, saothair ealaíne dána, geala os comhair lucht féachana mór.
- Chruthaigh Oifig Ealaíon Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin *Artsworks Home,* tionscadal a rinne teagmháil leo siúd a bhí ag clutharú sa bhaile mar gheall ar COVID-19. Fostaíodh fiche duine cruthaitheach as an gceantar chun cultúr a chur ar fáil agus, mar chúiteamh, fuair siadsan lucht féachana agus fócas dá gcuid oibre. Coimisiúnaíodh na físealaíontóirí le saothar a chruthú do dhaoine a bhí ag clutharú agus thug Seirbhísí Leabharlainne Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin chuig na daoine iad. Bhí na saothair speisialta seo agus a gcuid frámaí saor in aisce le coinneáil agus le haoibhneas a bhaint astu.
- Coimisiúnaíodh obair freisin ó éascaitheoirí agus ó cheoltóirí éagsúla chun imeachtaí ar nós *Covid Care Concerts,* imeachtaí *Festival in a Van,* oícheanta tráth na gceist agus lear mór d'imeachtaí *Winter Warmer* chun daoine a spreagadh le bheith ar a suaimhneas agus a bheith cruthaitheach i rith an ama. Freagra nuálach a bhí anseo ar an bpaindéim agus chuir sé áthas ar dhaoine i ngach earnáil den phobal agus chothaigh sé muintearas.
- 'The Glass Room: Misinformation Edition' — taispeántas a bhí anseo a rinne iniúchadh ar an gcaoi ar athraigh na meáin shóisialta agus an gréasán an bealach a léann muid eolas agus a dtéann sé i bhfeidhm orainn. Chuir tionscadal Media Literacy de chuid Éire Ildánach ar ár gcumas sraith spreagúil seimineár gréasáin, ceardlanna agus físeáin a chur ar fáil chun poiblíocht a thabhairt don taispeántas agus cuid de na téamaí a phlé le meánscoileanna, rud a spreag plé bríomhar cruthaitheach maidir leis an gcaoi a bhfuilimid ar fad ag brath níos mó agus níos mó ar na meáin dhigiteacha inár saol.

Bhí cuimsiú agus inrochtaineacht taobh thiar dár dtionscadail freisin agus d'oibríomar chun spásanna atá báúil don uathachas chomh maith le laethanta do theaghlaigh a chur ar fáil. Tugadh léargas ar thionscadail ionchuimsithe agus ar obair smaointeach, agus bhí spásanna ann don chiúnas agus don mhachnamh, cosúil le Dreamer's Space, cosán a d'fhéadfadh páistí a leanúint taobh istigh agus taobh amuigh de LexIcon Dún Laoghaire -Ráth an Dúin, i nDún Laoghaire. Anuas air sin bhí spás ann don chomhoibriú, ina raibh fráma amharclainne, áit chun do ghuth a aimsiú, vinil ar na fuinneoga a thaispeáin ár n-éin mhara agus ár ndruideanna, clár féinín don fhéinmhuinín agus tuilleadh. Cuireadh cosán inscartha i gcló do pháistí agus úsáideadh stampaí dúigh le haghaidh 'smaointe maithe'. Tionscadal séimh a bhí anseo ina raibh smaointeoireacht, inspioráid, agus suaimhneas. Suiteáil álainn shealadach a bhí ann sa LexIcon, a chuir gliondar ar dhaoine agus a bhí imithe ansin.

In 2010 ainmníodh Coill na Silíní mar Chrios Forbartha Straitéisí. Rinne Dún Laoghaire -Ráth an Dúin Scéim Pleanála a dhreachtú agus a aontú, lena n-áirítear bealaí chun oidhreacht an cheantair a chaomhnú, é a chomhtháthú i spásanna oscailte an bhaile nua agus é a chur os comhair na gcónaitheoirí nua. As seo go ceann deich mbliana, fásfaidh Coill na Silíní nó go mbeidh sé ina bhaile nua nua-aimseartha ina mbeidh cónaí ar 30,000 duine. Agus é ina ghníomh de chuid Éire Ildánach, coimisiúnaíodh beirt mhaisitheoirí chun amlíne Choill na Silíní a thabhairt chun beatha go cruthaitheach ón seansaol go dtí an lá atá inniu ann, chomh maith le súil a chaitheamh chun cinn, trí shraith d'íomhanna imeacht ama atá cruinn ó thaobh na staire de agus inrochtana go fisiúil. Ghlac siad inspioráid ón taighde fairsing seandálaíochta agus na pointí teagmhála ón oidhreacht thógtha agus an oidhreacht nádúrtha atá fágtha, chomh maith leis an scéal a bhaineann leis an bpleanáil, an ailtireacht, agus an ailtireacht tírdhreacha ar bhaile úrnua.

Is mór ag Éirinn Ildánach an comhoibriú, an chumarsáid, rannpháirtíocht an phobail, an uileghabhálacht agus an cumhachtú. Tá go leor dár mbunspriocanna a bhain leis an gcomhfhorbairt áite ar bhealach cruthaitheach, leis an gcruthaitheacht agus an nuálaíocht, an chomhpháirtíocht agus an comhoibriú, chomh maith le feabhas a chur ar an gcaighdeán saoil agus ar an bhfolláine, bainte amach againn. Ach tá tuilleadh le déanamh.




Harry Potter Coding Workshop,
*Cruinniú na nÓg 2022.*
**Photograph:** Maura Hickey

Tríd an ngnó áitiúil a fhás agus a fhorbairt, tá sé mar aidhm againn tuilleadh spreagadh a thabhairt do gheilleagar bríomhar ina bhfuil teacht aniar, trí dheiseanna a chur ar fáil d'éascaitheoirí cruthaitheacha chun a gcleachtais chruthaitheacha a fhorbairt ionas go mbeidh siad ina gcleachtais inbhuanaithe chomh maith le tuilleadh forbairtí cruthaitheacha a chothú.

Ar an gcaoi seo bainfimid amach agus sáróimid an uaillmhian atá ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an chruthaitheacht i gach riocht agus i ngach cruth a chumasú, ionas go mbeidh sí in ann bláthú agus fás mar chuid shainiúil de shaol na ndaoine, na háite agus na comhpháirtíochtaí atá i gcroílár an chláir seo.

I measc na réimsí a bhfuil forbairt i ndán dóibh tá béim níos mó ar an gcruthaitheacht agus ar an nuálaíocht in éineacht le fiontair chruthaitheacha ar thacaigh sparánachtaí leo go dtí seo. Is príomhuaillmhianta iad an comhionannas deiseanna agus rochtana. Leis an uaillmhian seo a fhorbairt tuilleadh is gá go mbeadh éagsúlacht, cuimsiú agus mórtas áite an phobail á leabú mar aschuir i gcás gach cuid d'obair an tionscadail.

Obair leanúnach is ea an mhapáil ar phobail agus ar chultúr an chontae chun go mbeidh sonraí ríthábhachtacha ar lámh, sonraí a thabharfaidh an sainordú agus an plean atá ag teastáil go géar ó Éire Ildánach Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin chun bogadh ar aghaidh le cuspóir agus le rún daingean isteach i saolré na straitéise nua. Tá obair ríthábhachtach curtha i gcrích sa réimse seo agus tá sé i gceist na sonraí seo a thriáil amach le measúnuithe ar riachtanais an phobail, féachaint cén bealach is fearr le leanúint ar aghaidh ag seachadadh an phlean agus á chur chun cinn.

Agus muid ag dul i dtaithí anois ar shíor ghéarchéim, tá teacht aniar na bpobal níos tábhachtaí ná riamh is gá freisin a bheith i dteagmháil leo chun gach rud atá ar fáil go háitiúil a chur ar taispeáint.

# 3 Fís Éire Ildánach do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Is í an fhís atá againn d'Éiré Ildánach Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin as seo go ceann cúig bliana ná go ndéanfaimid dul chun cinn, agus go gcuirfimid cláir agus imeachtaí bríomhara ar fáil atá tarraingteach, cuimsitheach agus inrochtana dár bpobail, ag cur ar a gcumas nascadh lena chéile, a bheith ag comhoibriú agus ag cruthú, agus ag baint barr feabhais amach ó thaobh na cruthaitheachta de.

Trí na huaillmhianta straitéiseacha atá leagtha amach sa straitéis seo a chur i bhfeidhm, agus trastagairt déanta leis na straitéisí comhthreomhara ábhartha, beidh eolas i dtaobh Éire Ildánach leabaithe ar bhealach níos iomláine in obair straitéiseach inmheánach an Údaráis Áitiúil, ach cuirfear le feasacht an phobail freisin. Cuideoidh obair Éire Ildánach agus obair na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta laistigh den chontae leis an bhforbairt gheilleagrach, cuideoidh sé le dul i ngleic leis an scoiteacht shóisialta, chomh maith le cúrsaí sláinte agus folláine — trí cinn de na phríomhcholúin ar leith a bhfuil Éire Ildánach dírithe orthu.

Ba mhaith linn go mbeadh an chruthaitheacht, i ngach aon chruth, mar chomhpháirt lárnach leanúnach agus beartais á gceapadh, chun aghaidh á thabhairt ar dhúshláin ár linne agus a bheith gasta ionas go bhféadfar freagairt go tapa do riachtanais áitiúla ár úsáideoirí sa phobal, agus do riachtanais an pobail spéise.

Bíonn Clár Éire Ildánach i mbun meastóireachta agus comhairliúcháin ar bhonn leanúnach go háitiúil, chun a chinntiú go bhfeicfidh na daoine a úsáideann agus a bhaineann tairbhe as an maoiniú ó Éire Ildánach go bhfuiltear ag tabhairt tuilleadh airde ar a mianta in obair na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta agus a thiomantas leanúnach do chleachtóirí agus do lucht spéise i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Is é an fhís atá ag Éire Ildánach ná go mbeidh deis ag gach duine atá ina chónaí in Éirinn a chumas cruthaitheach a bhaint amach go hiomlán. Chun an fhís seo a chur i bhfeidhm beimid dírithe ar chabhrú le pobail agus áiteanna a fhorbairt a mbeidh teacht aniar iontu, a bheidh cliste agus inbhuanaithe, ar fheabhas a chur ar rochtain, ar rannpháirteachas agus ar an rannpháirtíocht, dúshraith láidir a leabú do thionscadail chomhoibríocha d'fhonn pobail láidre shláintiúla agus mórtas áite a chumasú, agus feabhas a chur ar chaighdeán saoil agus folláine.

# 4 Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach

## Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha

Leanfaidh *Pobail Ildánacha* ag tacú le húdaráis áitiúla ina straitéis folláine trí:

— **Beartas** — Ag obair i gcomhar ar fud an rialtais ag tacú le húdaráis áitiúla beartais agus tosaíochtaí ábhartha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chur ar fáil;

— **Cleachtadh** — Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta Solúbtha, i réimsí éagsúla ag cur cur chuige sofhreagrúil agus inoiriúnaithe ar fáil atá lárnach do sheachadadh *Pobail Ildánacha* de réir mar atáthar ag tabhairt aghaidh ar thosaíochtaí atá ábhartha go háitiúil.

— **Rannpháirtíocht** — Níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine le bheith páirteach iontu agus sult a bhaint as an gcultúr agus cruthaitheacht ag an leibhéal áitiúil i mbealaí a chuireann bonn agus taca faoi chomhionannas rochtana; agus

— **Comhpháirtíocht** — Idir an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, agus Ros Comáin agus na hearnálacha áitiúla cultúir agus cruthaitheachta atá againn.

Tá an cur chuige seo bunaithe ar aghaidh a thabhairt ar chlár roinnte, straitéiseach agus maith a dhéanamh ar na dúshláin agus deiseanna ar leith atá i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Déanfar comhpháirtíocht *Pobail Ildánacha* a sheachadadh i gcomhréir leis na prionsabail agus luachanna seo a leanas:

i. Rochtain níos leithne a bheith ar fáil ar ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta áitiúla (agus rannpháirtíocht iontu).

ii. Úsáid a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun obair i gcomhar agus nuálaíocht a spreagadh i dtaobh folláine, aontacht shóisialta agus forbairt eacnamaíochta níos fearr a bhaint amach.

iii. An cumas atá ag údaráis áitiúla i dtaobh an cultúr agus an chruthaitheacht a imeascadh a neartú ar fud comhfhorbairt áite, athghiniúint, athnuachan agus áiteanna níos bríomhara, níos cruthaithí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.

iv. Infheistíocht a dhéanamh sa chultúr agus sa chruthaitheacht chun tacú le tuairiscí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta a chuidíonn cláir oibre na n-údarás áitiúil a chur ar fáil–idir áitiúil agus réigiúnach, go dtí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

v. Cur leis an gcur chuige lúfar agus comhtháite atá ag Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta chun baint amach breise cláir spríocdhírithe i gcomhar a chothú.

# 5 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

**Strategic Priority 1**
**Pobail agus áiteanna a bhfuil teacht aniar iontu, atá cliste agus inbhuanaithe a chruthú ar fud an chontae.**

— Oibriú chun bonneagar a fhorbairt ar fud an chontae a thacaíonn agus a fhorbraíonn tionscail chultúir agus chruthaitheacha. [Plean Forbartha Contae 2022–2028, 6.4.2.2 Cuspóir Beartais E3]
— STEM, Nuálaithe Sóisialta Óga, an litearthacht dhigiteach, agus scileanna códaithe a fhorbairt agus a chur chun cinn i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.[Plean Leanaí & Daoine Óga 2020–2023 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.]
— Contae a bhfuil teacht aniar ann ó thaobh na haeráide de a chruthú, trí dhea-chleachtas maidir le maolú aeráide, oiriúnú, bithéagsúlacht, agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn. [Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019–2024 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
— Glasú na gceantar uirbeach a chur chun cinn agus tacú le Scéimeanna Coillearnaí Pobail, scéimeanna a chabhraíonn le sláinte agus folláine na ndaoine atá ag maireachtáil agus ag obair anseo, teacht aniar i leith an athraithe aeráide a chothú agus ag an am céanna a chinntíonn áitíocht shláintiúil. [Plean Forbartha Contae 2022–2028, 3.4.4.1 Cuspóir Beartais CA18 agus 3.4.4.2 Cuspóir Beartais CA19]
— Cuir ar chumas ealaíontóirí agus daoine cruthaitheacha tionscadail spreagúla a fhorbairt a fhreagraíonn do théama na héigeandála aeráide.

**Strategic Priority 2**
**Feabhas a chur ar an rochtain agus ar an rannpháirtíocht d'fhonn an taitneamh atá le baint as an gcultúir agus as an gcruthaitheacht a chur chun cinn sna pobail éagsúla agus éabhlóidithe atá i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.**

— É a dhéanamh níos éasca teacht ar spásanna do chruinnithe pobail ionas gur féidir linn freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí, mar shampla trí shíneadh a chur le huaireanta oscailte. [Plean Forbartha Leabharlainne 2021–2025 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Sprioc 1: Nascadh le Pobail]
— Leanúint ar aghaidh ag tacú agus ag forbairt cláir chruthaitheacha dírithe ar an tseirbhís áitiúil agus náisiúnta agus á gcruthú i bpáirt leo chun dul i ngleic leis an scoiteacht shóisialta, cur leis an bhfolláine agus tacú le daoine scothaosta atá ina gcónaí sa bhaile, ag freastal ar sheirbhísí lae agus ag maireachtáil i suíomhanna cúraim chónaithe. [Straitéis Aoisbháúil 2022–2026; Tosaíocht 3, Plean Corparáideach 2020–24 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin; Sprioc Chorparáideach 4, Plean Forbartha Ealaíon 2016-22; Sprioc 1]
— Sraith chuimsitheach de chláir agus d'imeachtaí a fhorbairt a mheallfaidh lucht féachana as déimeagrafaigh níos leithne. [Plean Forbartha Leabharlainne 2021–2025 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Sprioc 2: Comhoibriú lenár gComhpháirtithe]
— Foghlaim for-rochtana agus gníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheacha a forbairt chun daoine óga a mhealladh i réimsí a n-aithnítear riachtanais a bheith iontu. [Plean Leanaí & Daoine Óga 2020–2023 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.]
— Leanúint orainn ag cruthú deiseanna do leanaí luathbhlianta, páistí agus daoine óga sa chontae agus i bpáirt leo, i gcomhpháirtíocht le CYPSC Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus le gníomhaireachtaí eile agus béim leagtha ar chuimsiú sóisialta, comhionannas agus torthaí inrochtaineachta do leanaí agus do dhaoine óga atá ina gcónaí sa chontae.[Better Outcomes, Brighter Futures: the national policy framework for children and young people 2014–2020, Plean CYPSC Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin]
— Tús áite a thabhairt do chuimsiú grúpaí imeallaithe agus mionlaigh, agus ceiliúradh a dhéanamh ar imeachtaí agus ar chláir ilchultúrtha, lena n-áirítear Lá na hAfraice, Athbhliain na Síne, Diwali, Eid, India Fest, Mórtas na dTaistealaithe, imeachtaí LGBTQIA+ Pride, Cultúr na hÚcráine, etc. Oibriú le grúpaí níos leithne a thacaíonn le cuimsiú, ar nós Líonra na mBan Imirceach agus a gcláir chultúir.
— Oibriú le páirtithe leasmhara sna gnólachtaí áitiúla chun cur leis an réimse gníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheacha atá ar fáil ar fud an chontae agus iad a leathnú amach, agus chun tuilleadh forbartha a spreagadh ar gheilleagar cuimsitheach oíche a sholáthraíonn deiseanna cultúrtha agus cruthaitheacha. Tá sé seo mar chuid de chlár oibre an SPC reatha um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontar agus cuirfidh sé bonn eolais faoin bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail 2023–2028 atá le teacht.
— Cláir a fhorbairt chun rannpháirtíocht níos leithne a mhealladh agus aitheantais á thabhairt don ról atá ag an oidhreacht ó thaobh an mhuintearais agus an phobail.
— Tionscnaimh a fhorbairt chun ardán a thabhairt do scéalta nach bhfuil inste agus aitheantais á thabhairt don líon mór oidhreachtaí agus peirspictíochtaí atá i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.
— Bealaí agus suíomhanna oiriúnacha ar fud an chontae a aithint chun ceiliúradh a dhéanamh ar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin mar áit bhuan don teacht agus don imeacht, lena n-áirítear an oidhreacht shuntasach mhuirí agus iompair a bhaineann le Cuan Dhún Laoghaire.
— An réimse teangacha atá á labhairt laistigh de Dhún Laoghaire -Rath an Dúin a ionchorprú i dtionscnaimh oidhreachta, agus aitheantais á thabhairt don éagsúlacht ó thaobh na dteangacha oidhreachta atá sa chontae.

**Strategic Priority 3**
**Dúshraith láidir na straitéise atá ann cheana a leabú i dtionscadail chomhoibríocha a chuireann ar chumas pobail láidre shláintiúla a n-ómós áite a fhorbairt tuilleadh.**

— Leanúint orainn ag tacú le tionscnaimh a chuireann beocht sna ceantair uirbeacha, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara go léir, ar mhaithe le spásanna a chruthú ina bhféadfaidh an cultúr, an chruthaitheacht agus gníomhaíochtaí sóisialta na mbailte agus na sráidbhailte bláthú.
— Leanúint orainn ag cumhachtú Comhphobail Chruthaitheacha ar fud Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin chun rochtain níos fearr ar an nGaeilge a chinntiú trí chuid de na tionscnaimh atá ann cheana faoi stiúir an phobail a cheiliúradh agus a neartú ar fud an chontae - Ciorcail Comhrá, Clubanna Leabhar, Comhaltas Ceoltóirí Eireann, Gaelscoileanna, etc.
— Leanúint de bheith ag cothú féiniúlacht láidir agus ómós áite trí dheiseanna a chur ar fáil le haghaidh tionscnaimh chruthaitheacha a mbainfidh an pobal taitneamh astu agus a mbeidh siad páirteach iontu.
— Cur le feiceálacht na Gaeilge i réimse an phobail agus caighdeán na háite a athrú ó bhonn trí chlár de ghníomhaíochtaí a chur ar siúl i spásanna poiblí agus i limistéir oscailte ar fud an chontae. Comhoibriú chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar dheiseanna cruthaitheacha ionas go mbeidh na spásanna poiblí timpeall an chontae beo agus fuinniúil (mar shampla an tionscadal de chuid Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Anseo, ealaín ar bhosca leictreach, sparánachtaí ealaíontóra do thionscadail Ghaeilge, grúpaí ceoil a bheith ag seinm i bpáirceanna poiblí i rith shéasúr an tsamhraidh, srl.)
— Cur chuige comhordaithe agus rannpháirtíochta a chur chun cinn mar bhaineann le scéal na ndaoine agus scéal na n-áiteanna atá ag forbairt, a roinnt.
— An Plean Cumarsáide/Rannpháirtíochta do Chaisleán Charraig Mhaighin agus do Pale Ditch a chur i bhfeidhm.
— Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna chun teagmhálacha oidhreachta cruthaitheacha a phíolótú chun úsáid nua a bhaint as foirgnimh agus as spásanna, lena n-áirítear Túr Martello Bhaile Liam a úsáid mar spás cultúrtha.
— Tacú le scríbhneoirí comhaimseartha chun naisc nua a chruthú idir an focal agus áit agus ceiliúradh a dhéanamh ar na cumainn liteartha atá cheana féin sa chontae.
— Rannpháirtíocht chruthaitheach le logainmneacha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, chun béaloideas agus seanchas na háite, a chur chun cinn.

- Foghlaim/comhroinnt scileanna traidisiúnta a bhaineann leis an oidhreacht thógtha, an oidhreacht mhuirí agus an oidhreacht nádúrtha a éascú.
- Fardail agus mapáil ar ghnéithe den oidhreacht sa sráid-dreach agus sa tírdhreach, a bheadh faoi stiúir an phobail, a chumasú. Tacú le comhchruthú léarscáileanna fionnachtana áitiúla cruthaitheacha agus StoryMaps digiteacha.

### Strategic Priority 4

**An Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta seo a ailíniú le pleananna oibre na mbonneagar sóisialta eile laistigh de Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin chun feabhas a chur ar chaighdeán saoil agus ar fholláine.**

- A chinntiú go dtabharfaidh an Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil atá le teacht in 2023–2028 léargas ar thiomantas Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin d'fhorbairt an chultúir agus na cruthaitheachta sa chontae.
- Leanúint de bheith rannpháirteach i gcláir agus i bhfeachtais náisiúnta a dhíríonn ar an litearthacht agus ar ghníomhaíochtaí cultúrtha. [Plean Forbartha Leabharlann Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin DLR 2021–2025, Sprioc 1: Nascadh lenár bPobail]
- Tacú lenár bpobail rochtain a fháil ar dheiseanna foghlama fad saoil agus páirt a ghlacadh iontu. [Plean Forbartha Leabharlainne 2021–2025 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Sprioc 3: Forbairt, léamh, foghlaim, deiseanna cruthaitheacha agus cultúrtha do chách]
- Leanúint de bheith ag seachadadh cláir agus tionscnaimh náisiúnta a bhaineann le litearthacht, le gnó, agus le sláinte agus folláine i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara trí chláir *Right to Read,* Éire Shláintiúil i do Leabharlann agus *Work Matters.* [Plean Forbartha Leabharlainne 2021–2025 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Sprioc 2: Comhoibriú lenár gcomhpháirtithe]
- Oibriú lenár gcomhpháirtithe agus lenár bpríomhpháirtithe leasmhara chun go mbeidh comhionannas cultúir ar fud an chontae.
- Oibriú chun dul i ngleic leis an scoiteacht shóisialta trí chláir ealaíon spriocdhírithe agus tionscnaimh chruthaitheacha, agus torthaí dearfacha ó thaobh an chuimsithe shóisialta, an chomhionannais agus na hinrochtaineachta a spreagadh do rannpháirtithe a shainaithnítear faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí. [Plean Corparáideach 2020–24 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin; Sprioc Chorparáideach 7, Plean Forbartha Ealaíon 2016–2022, Sprioc 1]
- Grúpaí deonacha agus pobail a fheabhsú, acmhainní cultúrtha Gaeilge a fhás, agus a gcumas cruthaitheach a fhorbairt ar bhealach atá cuimsitheach go sóisialta agus a fhreastalaíonn ar gach duine. Tionscnaimh a spreagadh atá in ann naisc níos fearr a chruthú trí Ghaeilge ar fud an chontae agus féiniúlacht aontaithe don Ghaeilge a neartú trí imeachtaí agus tionscnaimh a reáchtáil trí chláir nua agus cláir atá ann cheana ar nós Open House, Oíche Chultúir, Seachtain na hOidhreachta, *Cruinniú na nÓg*, IMRAM na nÓg, agus *Festival of Inclusion* Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
- Cur le líon na dtionscnamh atá rannpháirteach i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin ionas go mbeidh daoine rannpháirteach ar bhealach gníomhach leis an oidhreacht.

### Strategic Priority 5

**Mórchuid comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí fud fad an chontae, a rachaidh chun tairbhe do chách.**

- Oibriú chun an caidrimh reatha le hinstitiúidí oideachais sa chontae a neartú agus é mar aidhm acu a chur ar chumas céimithe agus daoine cruthaitheacha agus cuideachtaí cruthaitheacha eile fanacht ag obair laistigh den chontae. [Plean Forbartha Contae 2022–2028, 3.1.2.4 Beartas E4; 78; Dún Laoghaire 2040, Staidéar Spásúil agus Eacnamaíoch do Bhaile Dhún Laoghaire]
- Leanúint ar aghaidh ag aimsiú tionscnaimh agus comhpháirtíochtaí a thabharfaidh tuilleadh cabhrach leis na tionscail chruthaitheach a leabú agus a neartú i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. [plean reatha Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil, Cuspóir 9 — plean nua ag teacht]
- Tógáil ar chomhpháirtíochtaí atá ann cheana féin agus treoracha nua a iniúchadh d'fhonn luach a chruthú dár bpobail. [Plean Forbartha Leabharlainne 2021–2025 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Sprioc 2: Comhoibriú lenár gComhpháirtithe]
- Leanúint de bheith ag tógáil ar an gcaidreamh láidir atá idir Oifig Ealaíon / Aonad Forbartha Eacnamaíochta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus IADT d'fhonn tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus d'fhás na dtionscal cultúir agus cruthaitheach sa chontae [Plean Forbartha Contae 2022-20286.4.2.2 Cuspóir Beartais E3: Tionscail Chultúir agus Chruthaitheacha]
- Leanúint orainn ag obair lenár gcomhghleacaithe i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus i ngníomhaireachtaí, i ngnólachtaí agus i ngrúpaí áitiúla chun go mbeidh rannpháirtíocht níos mó plé againn le pobail atá imeallaithe. [Plean Forbartha Leabharlainne Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2021–2025, Sprioc 2: Comhoibriú lenár gComhpháirtithe]
- Leanúint ar aghaidh ag comhoibriú le healaíontóirí, le daoine cruthaitheacha, le cleachtóirí, le heagraíochtaí cultúrtha agus le heagraíochtaí acmhainní náisiúnta ar mhaithe le deiseanna rannpháirtíochta leis na healaíona a éascú agus tacú leo. [Plean Forbartha Ealaíon 2016–22, Spriocanna 2 & 3; Plean Corparáideach 2020–2024; Sprioc Chorparáideach 4]
- Tuilleadh tras-chomhoibriú a spreagadh leis an Oifig Fiontraíochta Áitiúil, Oifig Comhpháirtíochta Spóirt Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Oifig Ealaíon Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Oifig Comhpháirtíochta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, agus le Music Generation chun an cumas cruthaitheach atá i ndaoine a chothú agus a fhorbairt trí chláir éagsúla. Chomh maith leis sin, chun leas a bhaint as na láidreachtaí áitiúla atá i dtionscail chruthaitheacha agus i bhfiontair dhigiteacha chun go gcuirfidh siad an oiread agus is féidir siad leis an bhforbairt shóisialta agus gheilleagrach agus chun réimse Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a fheabhsú agus feabhas a chur ar chaighdeán saoil agus ar fholláine na gcónaitheoirí go léir trí neart deiseanna a thabhairt do gach duine a bheith páirteach i dtionscadail den chineál sin.
- Tacaíocht a thabhairt don chruthaitheacht agus don nuálaíocht agus dul isteach i gcomhpháirtíochtaí comhoibríocha, a rachaidh chun tairbhe do gach dream acu, le hinstitiúidí ardleibhéil ar fud an chontae chun comhoibriú ar thaighde agus ar dheiseanna foghlama nua agus sparánachtaí a chur ar fáil do mhic léinn dara leibhéal/mic léinn tríú leibhéal ar mian leo staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge.
- Cleachtóirí cruthaitheacha/cleachtóirí dearaidh a bheith san áireamh i dtionscadail oidhreachta ionas gur féidir athrú dearfach cultúir a dhéanamh ar bhealaí cruthaitheacha agus tarraingteacha.
- Comhpháirtíochtaí atá ann cheana féin le hinstitiúidí acadúla a fhás, comhpháirtíochtaí nua a bhunú agus tabhairt faoi thaighde gníomhaíochta i gcomhpháirt leo.

### Strategic Priority 6

**Feasacht a ardú agus an chumarsáid a fheabhsú d'fhonn a chinntiú go sroicheann muid ár bpobail go léir.**

- An cultúr agus an chruthaitheacht a leabú níos fearr fós laistigh den eagraíocht. Nuashonruithe rialta ó Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le bheith postáilte ar an Inlíon Foirne, agus cur i láthair i Halla an Bhaile don fhoireann, don bhainistíocht shinsearach, agus do bhaill thofa le sceidealú chun an dul cinn ar thionscadal agus ar thionscnaimh ar leith a roinnt.
- Feachtas feasachta Gaeilge a eagrú le linn Sheachtain na Gaeilge trí chur chuige cruthaitheach, nuálach agus comhoibríoch a úsáid i dtaca leis an ábhar agus ar líne.
- Modhanna cumarsáide a bhfuil teacht orthu go héasca a fhorbairt agus a chur chun cinn go gníomhach agus smaoineamh ar riachtanais ár bpobal agus ár lucht spéise éagsúil.
- Oibriú le comhpháirtithe chun tacú leis an taighde agus leis an bhforbairt ar thionscnaimh chruthaitheacha nua, bearnaí i soláthar seirbhíse a aithint chun díriú go héifeachtach ar mhaoiniú.
- An mhonatóireacht agus an measúnú a leabú i snáitheanna na gclár.

# 6 Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Tá Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta ag Dún Laoghaire-Ráth an Dúin chun cur i bhfeidhm na Straitéise seo a threorú agus a mhaoirsiú.

Is iad na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta bunchloch na bPobal Ildánach ar fud gach ceann den 31 údarás áitiúil in Éirinn. Tugann na foirne seo réimse agus leibhéal suntasach saineolais le chéile agus, in go leor cásanna, áirítear orthu daoine gairmiúla ó réimsí amhail ailtireacht, na healaíona, gníomhú ar son na haeráide, forbairt pobail, fiontraíochta agus timpeallachta, oidhreacht, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an Ghaeilge, leabharlanna, pleanáil spásúlachta, turasóireacht agus eile. Cuireann an méid eolas teicniúil atá ag na foirne seo ar chumas gach údarás áitiúil úsáid a bhaint as an méid léargais, acmhainní agus taithí seachadta atá acu, nithe nach mbeadh ag mórán eagraíochtaí poiblí eile ná ag eagraíochtaí san earnáil phríobháideach.


**Is é an ról atá ag an bhfoireann seo ná:**

- Fóram comhchoiteann a chur ar fáil i dtaobh uaillmhian an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh den údarás áitiúil;
- Díriú ar éagsúlacht agus uileghabhálacht agus a chur ar chumas pobail a bhfuil sé níos deacra iad a mhealladh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta;
- Cur le saineolas agus straitéisí intí atá ann cheana ar feadh réimsí na folláine, aontacht folláine agus forbairt eacnamaíochta d'fhonn leas a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun cláir oibre spriocdhírithe údaráis áitiúil a chur ar fáil; Athrú a chumasú i dtaobh an luach atá ar earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh d'údaráis áitiúla agus ar fud údaráis áitiúla agus a chinntiú go ndéantar an cultúr agus an chruthaitheacht a leabú ar fud pleananna, polasaithe agus foirne tionscadail sna húdaráis áitiúla.
- Borradh a chur faoi ghníomhartha tras-chomhoibríocha a thacaíonn le hathrú agus torthaí dearfacha go háitiúil, agus a d'fhéadfadh a bheith ann idir údaráis áitiúla ag leibhéal réigiúnach; agus
- A bheith nuálach agus rioscaí a ghlacadh — tionscadail nua agus bealaí nua oibre a thriail.

Tá seachadadh na Straitéise faoi stiúir an Stiúrthóra Seirbhísí um Fhorbairt Pobail & Chultúrtha agus i measc bhaill na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tá Leabharlannaí an Chontae, Oifigeach Ealaíon, Oifigeach Oidhreachta, Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach (Forbairt Bailiúcháin & Léitheora, Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach (LexIcon Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin), Oifigeach Forbartha Gaeilge (An Oifig Chumarsáide), Oifigeach Sinsearach Foirne (Forbairt Eacnamaíoch), Ailtire Feidhmiúcháin, Oifigeach Pobail Ceantair (Forbairt Pobail/ Cuimsiú Sóisialta), Oifigeach Ghníomhaithe ar son na hAeráide (Comhshaol & Athrú Aeráide), Oifigeach Sinsearach Foirne (Forbairt Pobail/ Cuimsiú Sóisialta) agus Ceannfort na bPáirceanna Sinsearacha.

Is tosca criticiúla iad na struchtúir agus na próisis seo a chuirfidh ar chumas Pobail Ildánacha tosaíochtaí straitéiseacha a sholáthar do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

## Léarscáil de Cheantair Bhardasacha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin



A Government of Ireland Initiative.
Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann.

—

CreativeIrl
creativeirl
creativeireland

—

**creativeireland.gov.ie**

**Éire Ildánach**

*Ag spreagadh agus ag athrú daoine, áiteanna agus pobal tríd an gcruthaitheacht.*